

Treoirínite d'Iarratasóirí

# An Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge

2022 - 2024

 Foras na Gaeilge

# An Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge

Cuireann na treoirlínte seo eolas ar fáil faoi Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge Fhoras na Gaeilge. Cuideoidh siad leat:

- cinneadh a dhéanamh an bhfuil d'eagraíocht i dteideal cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim seo,
- gníomhaíochtaí a fhorbairt a luíonn leis na treoirlínte agus a chomhlíonann critéir na scéime seo,
- iarratas a ullmhú ina bhfuil an t-eolas go léir atá de dhíth.

Léigh go cúramach iad, le do thoil, ina n-iomláine sula dtabharfaidh tú faoin bhfoirm iarratas a chomhlanú.

## 1. Mar gheall ar Fhoras na Gaeilge

Is comhlacht forfheidhmithe Thuaidh/Theas é Foras na Gaeilge agus baineann a ról le húsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa saol poiblí agus sa saol príobháideach i bPoblacht na hÉireann, agus i dTuaisceart Éireann mar a mbíonn éileamh cuí ann.

Reáchtálann Foras na Gaeilge scéimeanna éagsúla deontais. Bíonn spriocanna, cuspóirí agus critéir éagsúla ag na scéimeanna seo. Tá tosaíochtaí maoinithe chomh maith le spriocanna agus targaidí socraithe ag bord Fhoras na Gaeilge. Is féidir tuilleadh faoi seo a léamh in Aguisín 1.

## 2. Mar gheall ar an scéim seo

Is é an aidhm atá leis an scéim seo an Ghaeilge a chur chun cinn, a chothú agus a bhuanú ar bhonn ceantair le béim faoi leith ar fhorbairt agus ar fheidhmiú pleananna teanga cuimsitheacha do na ceantair sin rannpháirteach san iarratas.

De réir pholasaithe an rialtais don Ghaeilge, tá béim na scéime seo ar phleanáil níos fadtéarmaí agus níos straitéisí, de réir phrionsabail na pleanála teanga. Táimid ag iarraidh, mar sin, mórchuspóir a bheith ag an iarratasóir aitheantas mar líonra Gaeilge a bhaint amach don cheantar atá rannpháirteach san iarratas.

Beidh ar an iarratasóir ceantar geografach a shainnithint agus a shainmhíniú san iarratas, agus faisnéis mhionsonraithe a thabhairt bunaithe ar staitiscí oifigiúla ón daonáireamh is déanaí maidir leis an leibhéal úsáide Gaeilge i bpobal an cheantair sin. Ní mór don iarratasóir a bheith lonnaithe sa cheantar sin.

Cur chuige céimnitheach atá beartaithe sa scéim seo, le fócas dírithe, ag brath ar stáid forbartha cheantar an iarratasóra. Aithnítear trí chéim forbartha faoin scéim seo, ardchéim, meánchéim agus bunchéim.

Tá critéir na scéime bunaithe ar phríomhréimsí pleanála teanga agus ar chritéir pleanála teanga mar atá leagtha amach sna Treoirínte Pleanála Teanga (Eagrán 5), le fáil ag <https://www.gov.ie/ga/foilsiuhan/treoirinte-pleanala-teang/>. Tá na réimsí agus critéir atá in úsáid ag Foras na Gaeilge do na líonraí Gaeilge ó thuaidh, agus ag an rialtas ó dheas don phróiseas pleanála teanga, san áireamh.

San **ardchéim** tugtar aitheantas do cheantair atá i ndiaidh stádas mar líonra Gaeilge nó mar baile seirbhíse Gaeltachta a bhaint amach trí phlean Teanga a bheith faofa faoi Acht na Gaeltachta nó ag Foras na Gaeilge, agus do cheantair a bhfuil plean teanga curtha faoi bhráid Roinn na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge acu lena fhaomhadh.

Tá an **mheánchéim** dírithe ar cheantair ina bhfuil grúpaí atá fadbhunaithe agus a bhfuil dushraith láidir ó thaobh na pleanála teanga curtha síos acu cheana féin. Ní mór don iarratasóir clár gníomhaíochta a shonrú san iarratas ina bhfuil gníomhaíochtaí dírithe ar shé cinn ar a laghad den aon réimse dhéag pleanála teanga atá aitheanta.

Tá an **bhunchéim** dírithe ar cheantair ina bhfuil grúpaí nó coistí nach bhfuil i bhfad sin uilig ar a n-aistear teanga agus nach bhfuil an méid sin dul chun cinn déanta acu sna réimsí aitheanta pleanála teanga. Ní mór don iarratasóir clár gníomhaíochta a shonrú ina bhfuil gníomhaíochtaí dírithe ar thrí cinn ar a laghad den aon réimse dhéag pleanála teanga atá aitheanta.

Ní barántas é maoiniú tríd an scéim seo go mbronnfar aitheantas mar líonra ar an iarratasóir rathúil amach anseo. Beidh próiseas roghnúcháin faoi leith le reáchtáil do cheantair fhéideartha eile atá le teacht chun cinn mar líonraí.

Tréimhse mhaoinithe trí bliana atá ar fáil d'iarratasóirí, agus beidh uasmhéid an mhaoinithe ag brath ar incháilitheacht faoi réir na staidéir forbartha agus chomhlíonadh na gcritéir thíosluaite.

Mar chuid dá n-éileamh bliantúil ar mhaoiniú, beidh deis ag deontaithe cur leis an maoiniú faoi na céimeanna éagsúla den scéim, trí iarratas a dhéanamh ar scéimeanna eile de chuid Foras na Gaeilge, a chuireann le forbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail. Ina measc sin beidh maoiniú ar fáil le haghaidh campaí samhraidh, imeachtaí óige, agus mionfhéilte.

Beidh an scéim iomaíoch seo oscailte d'iarratasóirí, idir dheontaithe reatha agus iarratasóirí nua, ó áit ar bith in Éirinn taobh amuigh den Ghaeltacht oifigiúil, agus caithfear le gach uile iarratas ar an dóigh chéanna tríd an bpróiseas measúnaithe. De bhrí gur scéim iomaíoch í, ní féidir barántas a thabhairt go gcuirfear maoiniú ar fáil faoin scéim do cheann ar bith de na deontaithe reatha. Tá súil

againn go mbeidh éileamh mór ar an scéim seo agus beidh maoiniú le tairiscint do líon teoranta iarratasóirí.

Tá suas le €4.128 milliún de bhuiséad iomlán ag an scéim agus tá maoiniú á thairiscint ar feadh trí bliana (ó Eanáir 2022 go dtí Nollaig 2024). Ciallaíonn sé seo go bhfuil suas le €1.376 milliún i mbuiséad bliantúil na scéime. Beidh gairm amháin ar iarratais agus ní ghlacfar ach le hiarratas amháin ó aon eagraíocht ar leith.

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas **12 meán lae an 2 Lúnasa 2021**, agus ní ghlacfar le haon iarratas a gheobhaimid tar éis an spriocdháta seo.

### 3. An féidir linne cur isteach air?

Le bheith incháilithe cur isteach ar an scéim seo ní mór d'eagraíocht na critéir cháilitheachta seo a leanas a chomhlíonadh;

#### A. An ardchéim

Glacfaimid le hiarratais ó eagraíochtaí atá ceaptha cheana féin ag am fógartha na scéime mar cheanneagraíocht líonra Gaeilge nó baile seirbhíse Gaeltachta agus a bhfuil clár gníomhaíochta acu atá dírithe ar fheidhmiú an phlean teanga. Is féidir freisin go mbeidh iarratasóirí eile laistigh de na ceantair chéanna líonra Gaeilge agus baile seirbhíse Gaeltachta atá incháilithe cur isteach ar an gcéim seo den scéim ach cruthúnas a sholáthar go bhfuil ról lárnach acu i bhforfheidhmiú an phlean teanga atá faofa nó atá le faomhadh, trí bheith luaite go sonrach i mbeart nó i mbearta den phlean teanga. Le bheith incháilithe cur isteach ar an ardchéim, ní mór d'eagraíocht an iarratasóra na critéir cháilitheachta seo a leanas a chomhlíonadh

1. A bheith ina ghrúpa pobail seachas údarás áitiúil, scoil, coláiste nó institiúid eile, naíonra, grúpa iarscoile nó eagraíocht bhrabúsach. I gcás comhiarratais, ina bhfuil dhá eagraíocht nó níos mó ag cur iarratais isteach i gcomhpháirtíocht, ní mór an t-iarratas a dhéanamh in ainm phríomheagraíocht na comhpháirtíochta.
2. An príomhaidhm a bheith acu an Ghaeilge a chur chun cinn. Féach go bhfuil gníomhaíochtaí ealaíon, óige agus oideachais maoinithe cheana féin faoi scéimeanna deontais eile de chuid Fhoras na Gaeilge. Ciallaíonn sé seo más é príomhfhócas na heagraíochta, mar shampla, na healaíona, an óige nó oideachas, ní bheidh siad i dteideal cur isteach ar an scéim seo.
3. A bheith lonnaithe i gceantar oifigiúil líonra Gaeilge nó baile seirbhíse Gaeltachta
4. Plean teanga a bheith acu atá faofa ag Roinn na Gaeltachta nó Foras na Gaeilge nó plean teanga a bheith curtha faoi bhráid Roinn na Gaeltachta nó Fhoras na Gaeilge acu lena fhaomhadh.
5. Gan a bheith ag fáil bunmaoiniú ó Fhoras na Gaeilge nó Roinn na Gaeltachta.

**6.** Fianaise a bheith curtha ar fáil go bhfuil struchtúr ceart bainistíochta agus cumas bainistíochta acu.

**7.** Cuntas bainc a bheith acu in ainm na heagraíochta, atá faoi stiúir choiste nó bhord na heagraíochta, agus é a bheith riachtanach de réir nósanna imeachta na heagraíochta gur gá beirt nach bhfuil gaol acu dá chéile íocaíochtaí a údarú.

**8.** Cóip shínithe agus dhátaithe de cháipéisí rialaithe na heagraíochta (mar shampla, bunreacht, meabhrán agus airteagail chomhlachais, mar is cuí) a bheith leis an iarratas, agus na sonraí seo a leanas a bheith sa bhunreacht;

- ainm na heagraíochta,
- aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta
- sonraí maidir leis an dóigh a mbainfidh sí na cuspóirí sin amach
- sonraí maidir leis an dóigh a roghnaítear nó a gceaptar a bord nó coiste
- sonraí maidir leis an dóigh ar féidir le daoine páirt a ghlacadh san eagraíocht
- sonraí maidir le cad a tharlóidh do na sócmhainní má dhruideann an eagraíocht síos (clásal scaoilte)
- an dáta ar glacadh leis an mbunreacht thar ceann na heagraíochta
- síniú an oifigeach chuí nó na n-oifigeach cuí

**9.** A bheith cobhsaí maidir le cúrsaí airgid. Ní mór cuntais bhliantúla agus ráitis bhainc a chur leis an iarratas. Má bhíonn na cuntais níos sine ná dhámhí dhéag, ní mór cuntais bhainistíochta a sholáthar agus iad sínithe ag cathaoirleach na heagraíochta agus miontuairiscí den chruinniú inar glacadh leo a chur ar fáil.

**10.** Gan a ndóthain acmhainne a bheith ag an eagraíocht leis an tionscadal a reáchtáil iad féin, i.e. go bhfuil gá le maoiniú.

**11.** Gach cáipéisíocht a bhaineann le haon mhaoiniú a fuair an eagraíocht roimhe seo ó Fhoras na Gaeilge a bheith in ord chun shástacht Fhoras na Gaeilge.

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilitheacha seo.

## **B. An mheánchéim**

Tá an mheánchéim dírithe ar choistí sárffhorbartha, ar nós deontaithe reatha den Scéim Pobal Gaeilge, a d'fhéadfadh plean teanga a ullmhú mar líonra Gaeilge i mbliain a dó agus a trí mar chuid den chlár oibre. Le bheith incháilithe cur isteach ar an meánchéim, ní mór d'eagraíocht an iarratasóra na critéir cháilitheacha seo a leanas a chomhlíonadh:

**1.** A bheith ina ghrúpa pobail seachas údarás áitiúil, scoil, coláiste nó institiúid eile, naíonra, grúpa iarscoile nó eagraíocht bhrabúsach. I gcás comhiarratais, ina bhfuil dhá eagraíocht nó níos mó ag cur iarratais isteach i gcomhpháirtíocht, ní mór an t-iarratas a dhéanamh in ainm phríomheagraíochta na comhpháirtíochta.

**2.** An príomhaidhm a bheith acu an Ghaeilge a chur chun cinn. Féach go bhfuil gníomhaíochtaí ealaíon, óige agus oideachais maoinithe cheana féin faoi scéimeanna deontais eile de chuid Fhoras na Gaeilge. Ciallaíonn sé seo más é príomhfhócas na heagraíochta, mar shampla, na healaíona, an óige nó oideachas, ní bheidh siad i dteideal cur isteach ar an scéim seo.

**3.** A bheith lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht.

**4.** Daonra 1,000 duine a bheith sa cheantair atá rannpháirteach san iarratas, de réir an daonáirimh is deireanaí.

**5.** Clár forbartha Gaeilge na heagraíochta a bheith dírithe ar shé cinn ar a laghad den aon réimse dhéag pleanála teanga atá aitheanta:

- i. an córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
- ii. seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
- iii. seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
- iv. deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais;
- v. an earnáil gnó;
- vi. eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
- vii. na meáin chumarsáide;
- viii. seirbhísí poiblí;
- ix. pleanáil agus forbairt fhisiceach;
- x. seirbhísí sóisialta agus caithimh aimsire;
- xi. staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith

**6.** An eagraíocht a bheith sásta tabhairt faoi phlean teanga seacht mbliana a chur le chéile le linn bhliain a dó agus bhliain a trí den mhaoiniú mar chuid de chlár oibre an iarratais. Beidh seo ag brath air:

- a.** Glaoch oifigiúil a bheith déanta ag lorg iarratais le haitheantas a bhaint amach mar líonra Gaeilge
- b.** Maoiniú a bheith ar fáil ó Fhoras na Gaeilge nó Roinn na Gaeltachta le cabhrú leis na heagraíochtaí a roghnófar plean teanga a ullmhú.

Caithfidh an plean teanga seo a bheith ag teacht leis na caighdeáin a leagfaidh Foras na Gaeilge síos. Beidh an eagraíocht ábalta an plean teanga seo a chur faoi bhráid Fhoras na Gaeilge nó Roinn na Gaeltachta lena fhaomhadh más mian leo stádas oifigiúil mar líonra Gaeilge a bhaint amach.

**7.** Ar a laghad dhá institiúid oideachais lán-Ghaeilge (naíscoil, bunscoil nó meánscoil) a bheith sa cheantar atá rannpháirteach san iarratas.

**8.** A bheith cláraithe nó le clárú le Glór na nGael agus tacaíocht leanúnach timireachta agus mheantóireachta a bheith á fháil ó Ghlor na nGael

- 9.** A bheith in ann a léiriú go bhfuil siad ag feidhmiú laistigh de phobal bríomhar Gaeilge atá ann cheana.
- 10.** Fianaise a bheith curtha ar fáil san iarratas ó staitisticí daonáirimh, suirbhéanna nó foinsí eile go bhfuil cumas Gaeilge ag 10% ar a laghad de dhaonra an cheantair atá rannpháirteach san iarratas.
- 11.** Gan a bheith ag fáil bunmhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge nó Roinn na Gaeltachta.
- 12.** Fianaise a bheith curtha ar fáil go bhfuil struchtúr ceart bainistíochta agus cumas bainistíochta acu.
- 13.** Cuntas bainc a bheith acu in ainm na heagraíochta, atá faoi stiúir choiste nó bhord na heagraíochta, agus é a bheith riachtanach de réir nósanna imeachta na heagraíochta gur gá beirt nach bhfuil gaol acu dá chéile seiceanna a shíniú agus íocaíochtaí a údarú.
- 14.** Cóip shínithe agus dhátaithe de cháipéisí rialaithe na heagraíochta (mar shampla, bunreacht, meabhrán agus airteagail chomhlachais, mar is cuí) a bheith leis an iarratas, agus na sonraí seo a leanas a bheith sa bhunreacht;
- ainm na heagraíochta,
  - aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta
  - sonraí maidir leis an dóigh a mbainfidh sí na cuspóirí sin amach
  - sonraí maidir leis an dóigh a roghnaítear nó a gceaptar a bord nó coiste
  - sonraí maidir leis an dóigh ar féidir le daoine páirt a ghlacadh san eagraíocht
  - sonraí maidir le cad a tharlóidh do na sócmhainní má dhruideann an eagraíocht síos (clásal scaoilte)
  - an dáta ar glacadh leis an mbunreacht thar ceann na heagraíochta
  - síniú an oifigigh chuí nó na n-oifigeach cuí
- 15.** A bheith cobhsaí maidir le cúrsaí airgid. Ní mór cuntais bhliantúla agus ráitis bhainc a chur leis an iarratas. Má bhíonn na cuntais níos sine ná dhá mhí dhéag, ní mór cuntais bhainistíochta a sholáthar agus iad sínithe ag cathaoirleach na heagraíochta agus miontuairiscí den chruinniú inar glacadh leo a chur ar fáil.
- 16.** Gan a ndóthain acmhainne a bheith ag an eagraíocht leis an tionscadal a réachtáil iad féin, i.e. go bhfuil gá le maoiniú.
- 17.** Gach cáipéisíocht a bhaineann le haon mhaoiniú a fuair an eagraíocht roimhe seo ó Fhoras na Gaeilge a bheith in ord chun shástacht Fhoras na Gaeilge.

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilitheachta seo.

## C. An bhunchéim

Le bheith incháilithe cur isteach ar an mbunchéim, ní mór d'eagraíocht an iarratasóra na critéir cháilitheachta seo a leanas a chomhlíonadh:

**1.** A bheith ina ghrúpa pobail seachas údarás áitiúil, scoil, coláiste nó institiúid eile, naíonra, grúpa iar-scoile nó eagraíocht bhrabúsach. I gcás comhiarratais, ina bhfuil dhá eagraíocht nó níos mó ag cur iarratais isteach i gcomhpháirtíocht, ní mór an t-iarratas a dhéanamh in ainm phríomheagraíocht na comhpháirtíochta.

**2.** An príomhaidhm a bheith acu an Ghaeilge a chur chun cinn. Féach go bhfuil gníomhaíochtaí ealaíon, óige agus oideachais maoinithe cheana féin faoi scéimeanna deontais eile de chuid Fhoras na Gaeilge. Ciallaíonn sé seo más é príomhfhócas na heagraíochta, mar shampla, na healaíona, an óige nó oideachas, ní bheidh siad i dteideal cur isteach ar an scéim seo.

**3.** A bheith lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht.

**4.** Daonra 1,000 duine a bheith sa cheantar atá rannpháirteach san iarratas de réir an daonáirimh is deireanaí.

**5.** Gan a bheith ag fáil bunmhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge nó Roinn na Gaeltachta.

**6.** A bheith cláraithe nó le clárú le Glór na nGael agus tacaíocht leanúnach timireachta agus mheantóireachta a bheith á fháil ó Ghlor na nGael.

**7.** Clár forbartha Gaeilge a bheith acu atá dírithe ar thrí cinn ar a laghad den aon réimse dhéag pleanála teanga atá aitheanta:

- i. an córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
- ii. seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
- iii. seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
- iv. deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais;
- v. an earnáil gnó;
- vi. eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
- vii. na meáin chumarsáide;
- viii. seirbhísí poiblí;
- ix. pleanáil agus forbairt fhisiceach;
- x. seirbhísí sóisialta agus caithimh aimsire;
- xi. staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith

**8.** Institiúid oideachais lán-Ghaeilge amháin ar a laghad (naíscoil, bunscoil nó meánscoil) a bheith sa cheantar atá rannpháirteach san iarratas.



- 9.** A bheith in ann a léiriú go bhfuil siad ag feidhmiú laistigh de phobal bríomhar Gaeilge atá ann cheana.
- 10.** Fianaise a bheith curtha ar fáil san iarratas ó staitisticí daonáirimh, suirbhéanna nó foinsí eile go bhfuil cumas Gaeilge ag 5% ar a laghad de dhaonra an cheantair atá rannpháirteach san iarratas.
- 11.** Fianaise a bheith curtha ar fáil go bhfuil struchtúr ceart bainistíochta agus cumas bainistíochta acu.
- 12.** Cuntas bainc a bheith acu in ainm na heagraíochta, atá faoi stiúir choiste nó bhord na heagraíochta, agus é a bheith riachtanach de réir nósanna imeachta na heagraíochta gur gá beirt nach bhfuil gaol acu dá chéile seiceanna a shíniú agus íocaíochtaí a údarú.
- 13.** Cóip shínithe agus dhátaithe de cháipéisí rialaithe na heagraíochta (mar shampla, bunreacht, meabhrán agus airteagail chomhlachais, mar is cuí) a bheith leis an iarratas, agus na sonraí seo a leanas a bheith sa bhunreacht;
- ainm na heagraíochta,
  - aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta
  - sonraí maidir leis an dóigh a mbainfidh siad na cuspóirí sin amach
  - sonraí maidir leis an dóigh a roghnaítear nó a gceaptar a bord nó coiste
  - sonraí maidir leis an dóigh ar féidir le daoine páirt a ghlacadh san eagraíocht
  - sonraí maidir le cad a tharlóidh do na sócmhainní má dhruideann an eagraíocht síos (clásal scaoilte)
  - an dáta ar glacadh leis an mbunreacht thar ceann na heagraíochta
  - síniú an oifigeach chuí nó na n-oifigeach cuí
- 14.** Gan a ndóthain acmhainne a bheith ag an eagraíocht leis an tionscadal a reáchtáil iad féin, i.e. gobhfuil gá le maoiniú.
- 15.** Gach cáipéisíocht a bhaineann le haon mhaoiniú a fuair an eagraíocht roimhe seo ó Fhoras na Gaeilge a bheith in ord chun shástacht Fhoras na Gaeilge.

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilitheachta seo.

Mura bhfuil tú cinnte an bhfuil d'eagraíocht i dteideal cur isteach ar an scéim seo téigh i dteagmháil le hoifigeach na scéime, ag [sflg@forasnagaeilge.ie](mailto:sflg@forasnagaeilge.ie)

## 4. Cé mhéad maoiniú is féidir linn a fháil?

Is féidir maoiniú trí bliana a fháil ag tosú in Eanáir 2022. Má éiríonn le hiarratas, agus ag brath ar chiste na scéime, déanfaimid an maoiniú seo a leanas a thairiscint:

- **An ardchéim:** €47,000/£41,000 ar a mhéad sa bhliain. Beidh post lánaimseartha maoinithe ag leibhéal OF (oifigeach feidhmiúcháin) san áireamh.
- **An mheánchéim:** €47,000/£41,000 ar a mhéad sa bhliain. Beidh post lánaimseartha maoinithe ag leibhéal OF (oifigeach feidhmiúcháin) san áireamh. Beidh sé mar bhunchúspóir ag deontaithe na céime seo aitheantas mar líonra Gaeilge a bhaint amach faoi dheireadh na dtrí bliana. Beidh siad incháilithe mar sin cur isteach ar an ardchéim i mbabhta eile den scéime ina dhiaidh sin. Is féidir go mbeidh fordheontas eile €15,000 ar fáil ó chiste Roinn na Gaeltachta do na deontaithe incháilithe le hoibriú i dtreo aitheantas mar cheanneagraíocht líonra Gaeilge dá gceantair.
- **An bhunchéim:** €15,000/£13,000 ar a mhéad sa bhliain. Beidh an eagraíocht ábalta an deontas bliantúil a úsáid le post páirtaimseartha a mhaoiniú agus/nó clár gníomhaíochtaí Gaeilge a mhaoiniú.

D'iarratasóirí atá ag cur isteach ar an mheánchéim nó ar an ardchéim ba chóir briseadh síos a thabhairt ar chostais tuarastal leis na sonraí seo a leanas:

- Ollthuarastal (féach an nóta thíos)
- Árachas Náisiúnta na bhfostóirí
- Costais phinsin (suas le huasmhéid 5% ach ar acht go mbíonn scéim aitheanta phinsin ann)
- Costais earcaíochta (más cuí)

**Poblacht na hÉireann:** De réir Scála Státseirbhíse (Ciorclán 12/2020; Aguisín 2A) ag Grád 'Oifigeach Feidhmiúcháin'. Tabhair faoi deara gur ag túsphointe an ghráid seo a cheadófar maoiniú do thuarastal an Oifigigh Fhorbartha Ghaeilge (i gcás fostaí úr amháin).

Tuilleadh eolais: <https://www.gov.ie/en/circular/39b2c-circular-12-2020-application-of-1st-of-october-2020-pay-adjustments/>

**Tuisceart Éireann:** De réir Scála Státseirbhíse (Scálaí Páighe don Tréimhse 2019) ag Grád 'Oifigeach Feidhmiúcháin (EOI 237)'. Tabhair faoi deara gur ag túsphointe an ghráid seo a cheadófar maoiniú do thuarastal an Oifigigh Fhorbartha Ghaeilge (i gcás fostaí úr amháin).

Tuilleadh eolais: <https://www.finance-ni.gov.uk/publications/2019-pay-award>

## 4. Cad é mar a mheasfar na hiarratais?

Úsáideann Foras na Gaeilge critéir mheasúnaithe le hiarratais a mheas. Leagtar amach critéir mheasúnaithe na scéime thíos. Measfaimid agus scórálfaimid iarratais de réir na gcritéar seo.

### A. An ardchéim

|  |                 |
|--|-----------------|
| <b>Riachtanas</b>  |                 |
| An gá atá le hionchur na heagraíochta i bhfeidhmiú an phlean teanga                                  | 10 marc         |
| An gá atá le hoifigeach forbartha Gaeilge  | 10 marc         |
| <b>Caighdeán an chlár gníomhaíochta dírithe ar an phlean teanga agus obair eile forbartha pobail</b> |                 |
| Deiseanna foghlama agus úsáide na Gaeilge  | 15 mharc        |
| Deiseanna rannpháirtíochta an phobail  | 15 mharc        |
| Spriocanna, amscála agus freagrachtaí  | 15 mharc        |
| Sonraí monatóireachta agus athbhreithnithe   | 15 mharc        |
| <b>Cumas na heagraíochta</b>   |                 |
| Cumas bainistíocht na heagraíochta   | 10 marc         |
| Cumas bainistíocht airgeadais na heagraíochta  | 10 marc         |
| <b>Iomlán</b>  | <b>100 marc</b> |

## B. An meánchéim

|   |                 |
|---|-----------------|
| <b>Riachtanas</b>   |                 |
| An gá ata leis an gclár gníomhaíochta sa cheantar                             | 10 marc         |
| An gá atá le hoifigeach forbartha Gaeilge                                     | 10 marc         |
| <b>Caighdeán an chlár gníomhaíochta dírithe ar shé réimse pleanála teanga</b> |                 |
| Réimse 1  | 10 marc         |
| Réimse 2  | 10 marc         |
| Réimse 3  | 10 marc         |
| Réimse 4  | 10 marc         |
| Réimse 5  | 10 marc         |
| Réimse 6  | 10 marc         |
| <b>Cumas na heagraíochta</b>  |                 |
| Cumas bainistíocht na heagraíochta  | 10 marc         |
| Cumas bainistíochta airgeadais na heagraíochta                                | 10 marc         |
| <b>Iomlán</b>   | <b>100 marc</b> |

## C. An bhunchéim

|  |                 |
|--|-----------------|
| <b>Riachtanas</b>  |                 |
| An gá leis an gclár gníomhaíochta sa cheantar                                  | 20 marc         |
| <b>Caighdeán an chlár gníomhaíochta dírithe ar thrí réimse pleanála teanga</b> |                 |
| Réimse 1   | 20 marc         |
| Réimse 2   | 20 marc         |
| Réimse 3   | 20 marc         |
| <b>Cumas na heagraíochta</b>   |                 |
| Cumas bainistíocht na heagraíochta   | 10 marc         |
| Cumas bainistíochta airgeadais na heagraíochta                                 | 10 marc         |
| <b>Iomlán</b>  | <b>100 marc</b> |

## 6. Cad é mar a chuirfimid isteach air?

Ní mór an fhoirm iarratais chomhlánaithe agus gach doiciméad tacaíochta a bheith faighte againn trí ríomhphost chuig [sflg@forasnagaeilge.ie](mailto:sflg@forasnagaeilge.ie) nó bheith faighte ag an seoladh thíosluaite faoi **12 meán lae an 2 Lúnasa 2021**. Ní ghlacfaimid le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta seo.

An Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge  
An Rannóg Pobal agus Gnó  
Foras na Gaeilge  
An Chrannóg  
Na Doirí Beaga  
Co. Dhún na nGall

An Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge  
An Rannóg Pobal agus Gnó  
Foras na Gaeilge  
63-66 Sráid Amiens  
Baile Átha Cliath

An Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge  
An Rannóg Pobal agus Gnó  
Foras na Gaeilge  
2-4 Sráid na Banríona  
Béal Feirste  
Co. Aontroma

I bhfianaise impleachtaí leanúnacha Covid-19, molaimid go láidir iarratas comhlánaithe, mar aon leis an gcáipéisíocht chuí, a chur isteach go leictreonach nó tá baol ann nach sroichfidh postas ár n-oifigí faoin spriocdháta agus go diúltófar d'iarratas dá thoradh sin.

Sula dtabharfaidh tú faoi iarratas ní mór duit na treoirí seo a léamh ina n-iomláine. Má bhíonn aon cheist ag agat ag céim ar bith den phróiseas iarratais is féidir dul i dteagmháil le hoifigeach na scéime ag [sflg@forasnagaeilge.ie](mailto:sflg@forasnagaeilge.ie).

Ní mór gach ceist san fhoirm iarratais a fhreagairt. Is í an Ghaeilge teanga oibre Fhoras na Gaeilge agus ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú i nGaeilge.

Is féidir an fhoirm iarratais a chomhlánú go leictreonach ach í a iarraidh ó [sflg@forasnagaeilge.ie](mailto:sflg@forasnagaeilge.ie).

Ní mór aon leathanaigh bhreise nó cáipéisí breise a chuirfidh tú leis an iarratas a mharcáil go soiléir le hainm na heagraíochta.

Ní mór an seicliosta ag deireadh na foirme iarratais a chomhlánú lena chinntiú go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe ina hiomláine.

Féadfaidh Foras na Gaeilge teagmháil a dhéanamh le ranna rialtais agus maoinitheoirí eile, sa dá dhlínse, le hiarratais a phlé.

## 7. Cad é a tharlóidh dár n-iarratas?

Tar éis d'Fhoras na Gaeilge iarratas a fháil deimhneoidimid ar dtús, ón eolas a thugtar san fhoirm iarratais, an bhfuil an eagraíocht incháilithe, de réir na gcritéar cáilitheachta (féach treoir 3 thuas), le hiarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin scéim seo. Mura bhfuil, diúltóimid don iarratas agus scríobhfaimid chuig an eagraíocht le míniú a thabhairt.

Deimhneoidimid chomh maith go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán agus go bhfuil an t-eolas uile atá ag teastáil san áireamh inti. Mura bhfuil is féidir go ndiúltófar an t-iarratas.

Má tá iarratas incháilithe déanfaimid mionmheasúnú air de réir na gcritéar measúnaithe. Féadfaimid dul i dteagmháil leat ar an teileafón agus/nó dul ar cuairt le d'iarratas a phlé go mion nó le tuilleadh eolais a fháil. Féadfaidh Foras na Gaeilge dul i dteagmháil le maoinitheoirí eile atá ag iarratasóirí.

Nuair a bheidh mionmheasúnú déanta ar an iarratais de réir na gcritéar maoinithe déanfaidh Coiste na nDeontas moladh do bhord Fhoras na Gaeilge maidir le cinneadh a dhéanamh. Cuirfimid iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn maidir lenár gcinneadh ar a n-iarratas faoi Shamhain 2021.

## 8. Cad é a tharlóidh má éiríonn lenár n-iarratas?

Má éiríonn le hiarratas cuirfimid litir thairisceana chuig an iarratasóir ina dtabharfar mionsonraí an mhaoinithe atá á thairiscint agus na téarmaí agus na coinníollacha a théann leis an tairiscint. Beidh ceithre lá déag ag iarratasóir le glacadh leis an tairiscint nó tarraingeofaimid an tairiscint siar.

Is féidir chomh maith go dtairgfimid níos lú maoinithe ná a iarradh. Má tharlaíonn sé seo beidh deis ag iarratasóir buiséad leasaithe a chur isteach, a léiríonn an maoiniú laghdaithe, le comhaontú le Foras na Gaeilge.

Íocfaimid an deontas i dtráthchodanna mar a leagfar amach sa litir thairisceana. Má fheictear dúinn go bhfuil gá leis féadfaimid íocaíochtaí a dhéanamh roimh ré.

### Monatóireacht

Buailfidh Foras na Gaeilge leis an iarratasóir d'fhonn creatlach mhonatóireachta a chomhaontú. Beidh spriocanna na creatlaí monatóireachta bunaithe ar an bhfaisnéis san iarratas agus ar an mbuiséad comhaontaithe. Úsáidfimid an chreatlach mhonatóireachta le:

- monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscadail le linn na bliana, agus
- rath an tionscadail a mheas.

Faoin gcreatlach mhonatóireachta beidh tuairiscí rialta le soláthar ag an iarratasóir d'Fhoras na Gaeilge i rith agus ag deireadh gach bliana maidir leis an dul chun cinn atá déanta de réir na spriocanna a leagtar síos sa chreatlach mhonatóireachta. Féachfaidh Foras na Gaeilge lena chinntiú go bhfuil na riachtanais mhonatóireachta réasúnta agus i gcomhréir leis an maoiniú atá á thairiscint, agus nach ualach rómhór riaracháin iad.

## Aguisín 1

### Cúspóirí Straitéiseacha agus Tosaíochtaí Maoinithe Fhoras na Gaeilge

Tá critéir agus cuspóirí na Scéime Forbartha Líonraí Gaeilge ag teacht le cúspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí maoinithe Fhoras na Gaeilge:

- Stádas agus dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn.
- Cumas Gaeilge an duine aonair agus an phobail a chothú agus a bhuanú.
- Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn, a chothú agus a neartú.
- Pobal labhartha Gaeilge a chothú, a neartú agus a bhuanú.
- An t-aistriú teanga ó glúin go glúin trí mheán an teaghlaigh a éascú, a chothú agus a neartú.



## Aguisín 2

### Treoracha maidir le Scálaí Tuarastail

Tá scálaí tuarastail incheadaithe bunaithe ar chiorcláin ábhartha sa dá dhlínse

### Poblacht na hÉireann

Oifigeach feidhmiúcháin, €30,884-€51,851

Maidir le buntuarastal do bhliain a dó agus a trí, is cóir ráta boilscithe 2% a úsáid sna meastacháin

**Tuilleadh eolais:** <https://www.gov.ie/en/circular/39b2c-circular-12-2020-application-of-1st-of-october-2020-pay-adjustments/>

### Tuaisceart Éireann

Oifigeach feidhmiúcháin (EOI 237, executive officer), £28,706 – £29,307

Maidir le buntuarastal do bhliain a dó agus a trí, is cóir ráta boilscithe 2% a úsáid sna meastacháin

**Tuilleadh eolais:** <https://www.finance-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/dfp/FI1%2021%20349144%20%20Non%20Industrial%20Pay%20Scales%201%20August%202020%20-%2031%20July%202022.pdf>

**Nóta:** ba chóir túsphointe tuarastail a úsáid sna meastacháin iarratais sa chás go mbeidh aon phost le fógairt nó le hathfhógairt mar chuid de bhabhta úr den scéim seo. Déan teagmháil le hoifigeach na scéime má tá breis sonraí nó soiléiriú i leith na scálaí ag teastáil.